The Ark

The Ark, Dublin Dance Festival
and Arts & Disability Ireland
present



# The Race

## Created by Marc Brew

A MOVE Commission, co-commissioned by
The Ark, Dublin Dance Festival and Arts & Disability Ireland

Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí & Oideoirí
Dírithe ar pháistí ó na Naíonáin Shóisearacha
go dtí an 3ú Rang.

Damhsa

4+

arts council / an chomhairle ealaíon — funding the arts
An Roinn Oideachais / Department of Education
Temple Bar Cultural Trust
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath / Dublin City Council
Dublin Dance Festival
Arts & Disability Ireland

**The Ark, Temple Bar**
Book at ark.ie | 01 670 7788

Is athinsint thaitneamhach agus nuálach trí dhamhsa é The Race ar thrí fhabhalscéal a bhí ag Aesop: An Giorria & an Turtar, An Leon & an Luch agus Na Seangáin & an Dreoilín Teaspaigh, áit a ndearnadh na scéalta clasaiceacha seo a oiriúnú agus a athinsint mar phíosa amháin ag iniúchadh saincheisteanna comhoibrithe, buanseasmhachta agus cruthaitheachta.
Tacaíonn na smaointe sa phacáiste seo le foghlaim i nDrámaíocht agus i nDamhsa mar chuid de thionscadal traschuraclaim, ildisciplíneach ar féidir a chur ar bun thar roinnt laethanta nó seachtainí. Sa phacáiste seo déanaimid iniúchadh níos mine ar na 3 fhabhalscéal bunaidh ag baint úsáid as raon gníomhaíochtaí drámaíochta, gluaiseachta agus damhsa.
Beidh spás ag teastáil don chuid is mó de na gníomhaíochtaí, mar sin, más féidir leat, déan spás trí na boird a bhogadh go dtí an taobh agus na cathaoireacha a chruachadh chun go mbeidh na páistí in ann bogadh go sábháilte agus go saor timpeall an tseomra.

**Pacáiste Acmhainní cruthaithe ag Joanna Parkes**

*Maidir le The Race: Píosa damhsa nua spreagúil do pháistí os cionn 4 bliana d'aois; spreagtha ag Fabhalscéalta Aesop agus curtha i láthair ag The Ark, Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath agus Arts & Disability Ireland.*

*Ón gcóiréagrafaí idirnáisiúnta clúiteach, Marc Brew, fíonn The Race trí cinn de Fabhalscéalta Aesop le chéile chun domhan spraíúil, idirghníomhach agus ildaite d'ainmhithe, puipéid, amharclannaíocht agus gluaiseachtaí a chruthú. Bígí ag liúradh lenár bhfoireann d'ainmhithe agus an Turtar agus an Giorria ag imeacht go dtí an líne chríochnaithe; bígí páirteach leis an Dreoilín Teaspaigh agus sibh ag breathnú le hiontas ar na Seangáin ag bailiú bia don gheimhreadh atá romhainn, agus tabhair tacaíocht don Luch bheag agus í ag tabhairt aghaidh ar an Leon cumhachtach! Féach agus a dturasanna ag teacht chun cinn trí ghluaiseacht agus damhsa álainn, agus bí páirteach sna ceachtanna a fhoghlaimíonn siad agus iad ag tabhairt aghaidh ar a mbealaí éagsúla.*

*Bhí céad léiriú domhanda The Race mar chuid d'Fhéile Damhsa Bhaile Átha Cliath 2023. Curtha i láthair ag foireann ealaíontóirí damhsa faoi mhíchumas agus gan mhíchumas, beidh Teanga Chomharthaíochta Comhtháite ag gach léiriú agus beidh siad inrochtana gan fotheidil freisin, a bhuíochas le stíl thar a bheith amhairc an tseó. Beidh cur síos fuaime agus turais tadhaill ar fáil do gach seó ach beidh réamh-áirithint ag teastáil. Tá gach léiriú suaimhneach, ag tairiscint eispéireas cuimsitheach don lucht féachana a fháiltíonn roimh leanaí atá néara-éagsúil.*

## Naisc Churaclaim

Níl ach snáithe amháin i gcuraclam na Drámaíochta agus is éard atá ann ná:
· Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
· Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
· Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta.

**Pléann an Pacáiste Acmhainní seo a leanas na hAidhmeanna seo a leanas laistigh den Churaclam Drámaíochta:**

- a chur ar chumas an pháiste dul i dteagmháil le saol na drámaíochta go fisiceach, go mothúchánach agus go hintleachtúil chun scileanna iniúchta, cumasaithe agus ionbhá a chothú
- a chur ar chumas an pháiste comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo chun fadhbanna a réiteach sa drámaíocht féin agus trí mheán na drámaíochta

**Iniúchadh agus déanamh drámaíochta – Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste**

- an cumas cur i gcéill go súgrach a úsáid chun páirt iomlán a ghlacadh sa drámaíocht
- cumas a fhorbairt fócas na gníomhaíochta drámataí a choinneáil beo

**Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh**

- léirsmaoineamh ar ghníomhaíocht dhrámata áirithe chun cúrsaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi
- an coibhneas atá idir scéal, téama agus taithí an tsaoil a eispéiriú

**Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh dráma - Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh**

- caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht leis na carachtair eile i radhairc mhionghrúpa nó ranga de réir mar a bhíonn an drámaíocht á cumadh

**Damhsa - Snáithaonad: An Damhsa a Iniúchadh, a Chruthú Agus a Dhéanamh**

**Aidhmeanna Ábhartha sa Churaclam Drámaíochta a ndéantar iniúchadh orthu sa Phacáiste Acmhainní seo:**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh:

● luailí ball difriúil den chorp agus na bealaí inar féidir leis an gcorp gluaiseacht i spás a iniúchadh, ag baint feidhme as gníomhartha coirp simplí mar thaisteal (siúl, rith, scipeáil) agus léimneach, geáitsíocht agus socracht

● luail a iniúchadh agus a chruthú ag leibhéil dhifriúla—conairí difriúla a bheith á n-úsáid agus cruthanna difriúla a bheith á gcumadh sa spás

● raon cuí dinimice sa luail a iniúchadh

● raon mothúchán nó braistintí a iniúchadh agus a chur in iúl trí luail choirp shimplí

● freagairt go samhlaíoch trí mheán luaile do spreagthaigh mar fhocail, scéalta, dánta, pictiúir, ceol



## Eolas cúlra an mhúinteora agus cluiche téimh suas

Mínigh don rang cé hé Aesop agus coincheap an fhabail.

**Cad is fabhalscéal ann?**
Is cineál scéil é fabhalscéal, ina mbíonn carachtair ar ainmhithe nó eilimintí nádúrtha iad iontu go minic, ar nós na gaoithe nó na gréine. De ghnáth, bíonn na scéalta féin gearr agus soiléir agus is féidir iad a insint go tapa. Fíonn fabhalscéalta moráltacht nó ceacht saoil de shaghas éigin isteach ina ndeireadh, agus bíonn ceacht éigin i gceist leo ar féidir linn a thógáil uathu agus machnamh a dhéanamh ar an gceacht sin. Cé gur scríobhadh na fabhalscéalta seo fadó fadó, tá go leor de na moráltachtaí nó na ceachtanna chomh hábhartha agus chomh bríoch céanna inniu.

**Cé hé Aesop?**
Tá go leor neamhchinnteachta ann faoi cé hé Aesop féin ach is cinnte gur scéalaí ón nGréig a bhí ann, a rugadh timpeall 620 RC. Tugann roinnt scéalta le fios [go gcuireadh i ndaoirse é]/[go ndearnadh sclábhaí dó] san Aetóip agus gur saoradh é ón sclábhaíocht airnéise ina dhiaidh sin toisc go raibh sé chomh cliste agus chomh greannmhar sin; deir daoine eile go bhféadfadh go raibh míchumas fisiceach agus bac cainte air; agus deir daoine eile fós gur bhásaigh sé timpeall 560RC agus gur maraíodh é. Is é atá ar eolas againn ná go léitear, go léirítear agus go n-athchruthaítear na scéalta nó na fabhalscéalta a d'inis sé fós sa lá atá inniu ann agus go bhfuil siad chomh hábhartha céanna agus a bhí siad breis agus 2000 bliain ó shin.

Mar scéalaí, bhailigh Aesop thart ar 600 scéal, cuid acu a chum sé féin b'fhéidir, cuid eile a chuala sé agus a bhailigh sé agus a d'athinis sé féin arís. Mar scéalaí béil, níor scríobh sé na scéalta síos ach tugadh ar aghaidh iad ó dhuine go duine síos tríd neart glúnta éagsúla. Tá ceachtanna nó moráltacht sna scéalta nó sna fabhalscéalta, agus insíodh do leanaí iad le linn shaol Aesop agus athinsíodh iad do dhaoine le linn gach glúin ó shin i leith.

**Cén fáth a bhfuil go leor de na scéalta seo faoi ainmhithe?**
Is minic a úsáidtear ainmhithe in ionad daoine i bhfabhalscéalta mar go gcabhraíonn carachtair ainmhithe le rudaí a choinneáil simplí agus inaitheanta ar bhealach nach féidir le carachtair dhaonna atá níos casta a leithéid a dhéanamh, agus is minic a bhíonn tréithe fisiciúla láidre acu ar féidir linn a shamhlú leo amhail: giorriacha gasta, turtair mhalla, agus seangáin a oibríonn go dian. Léirítear na hainmhithe le tréithe tábhachtacha áirithe a bhfuil daoine ag cur i leith leo le fada an lá, amhail go mbíonn sionnaigh cliste agus seiftiúil, go mbíonn leoin bródúil agus go mbaineann dreoilíní teaspaigh taitneamh as scíth a ligean sa ghrian. Déanann carachtair n-ainmhithe seo na scéalta níos spraíúla agus níos tarraingtí agus tá seans ann go bhfuil sé níos éasca do dhaoine comhbhá a bheith acu le hainmhithe.

**Cad faoi Sheanfhocail?**
Tá seanfhocail cosúil le fabhalscéalta mar go bhfuil moráltacht nó ceacht ag baint leo ar féidir linn machnamh a dhéanamh air. Iarr ar na páistí na seanfhocail seo a leanas a phlé i mbeirteanna agus féach ar féidir leo cad is brí leo a dhéanamh amach;

- Tús maith, leath na hoibre.
- Ní neart go cur le chéile.
- De réir a chéile a thógtar na caisleáin.
- Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
- Giorraíonn beirt bóthar.
- Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

**Ag Cuimhneamh ar an Dráma – Fiafraigh de na páistí**

- Cé hiad na hainmhithe is cuimhin leo ó The Race?
- Cén t-ainmhí is mó a thaitin leo?
- Cén nóiméad ab ansa leo?
- An bhfuil aon cheist acu tar éis dóibh The Race a fheiceáil?
- Ar mhaith leo tuilleadh eolais a fháil faoi aon cheann de na hainmhithe?

**Téamh Suas – Ag Bogadh mar Ainmhithe**

Fiafraigh de na páistí an cuimhin leo conas a bhog na hainmhithe éagsúla in The Race:

An féidir leo bogadh cosúil leis an nGiorria? Ag déanamh cinnte nach mbuaileann siad isteach in aon Ghiorria eile.
Conas a bhog an turtar? Bog go mall agus go seasta timpeall an tseomra.
Máirseálann na seangáin timpeall i línte díreacha – an féidir le gach duine máirseáil cosúil le seangán?
Léimeann an Dreoilín Teaspaigh ó áit go háit ar a chosa cúil fada.

**Paráid na nAinmhithe:**

*Priontáil agus gearr amach cruthanna na n-ainmhithe atá sa phacáiste seo.*

- Cuir cruthanna na n-ainmhithe aghaidh síos ar an mbord agus iarr ar shaorálaí cruth amháin a chasadh agus é a ardú ionas go bhfeicfidh gach duine é.
- Nuair a bheidh a fhios ag gach duine cad é an t-ainmhí, iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra ar an mbealach céanna a gceapann siad a ghluaiseann an t-ainmhí - ag iarraidh a chinntiú nach ritheann aon duine isteach in aon duine eile ná nach dteagmhaíonn sé le duine ar bith eile.
- Tar éis cúpla nóiméad, glaoigh ar gach duine chun reo! - agus ansin iarr ar shaorálaí eile ainmhí eile a roghnú.
- Áirítear ar chruthanna na n-ainmhithe: sioráf, eilifint, péacóg, féileacán, iolar, capall, leisceoir, cangarú, piongain, béar, camall, cearc, péist, iora, frog.
- An féidir leis na páistí smaoineamh ar ainmhithe eile a ghluaiseann ar bhealach sainiúil?

Leagan eile de Pharáid na nAinmhithe is ea bealach gluaiseachta a lua agus go n-ainmníonn páistí ainmhí a ghluaiseann ar an mbealach sin amhail: preabadh, scipeáil, léim, rith, sciorradh, sleamhnú, eitilt, bheith ar foluain, eitilt, snámh, tochailt, dreapadh, eitilt go hard san aer, bheith ag faoileáil go híseal, téaltaigh, bheith ag lámhacán, lúbadh.

# An Giorria agus an Turtar

**An Cluiche Luais:**
Iarr ar na páistí suí i gciorcal ar an urlár agus tabhair maide líreacáin do gach páiste. Iarr ar gach páiste maide líreacáin a thabhairt don duine ar clé – mínigh go mbeidh siad ag tabhairt agus ag fáil maide ag an am céanna. Tosaigh go han-mhall ionas go mbeidh lámha gach duine ag bogadh ag an am agus ar an luas céanna. Is féidir le gach duine AISTRIGH a rá le chéile chun cabhrú le gach duine a choinneáil i rithim. De réir a chéile iarr ar na páistí na maidí a aistriú níos tapúla. Coinnigh ort ag méadú an luais go dtí go n-éiríonn sé ina dhúshlán agus ansin moilligh arís é.
Fiafraigh de na páistí cad a tharla nuair a d'éirigh rudaí ró-thapa agus nárbh fhéidir leo coinneáil suas.

**Cluiche Breathnóireachta – Cad atá tar éis athrú?**
Iarr ar na páistí breathnú timpeall an tseomra agus ansin a súile a chlúdach. Bog nó bain 12 mhír sa seomra ranga go ciúin – rud a fhágann go bhfuil cuid acu soiléir go leor agus cuid eile níos caolchúisí. Iarr ar na páistí a súile a oscailt agus breathnú timpeall chun a fheiceáil cad atá tar éis bogadh nó athrú. Nuair a bheidh 8 rud tugtha faoi deara acu atá bogtha is féidir leo a lámh a chur suas: éist le moladh amháin ó gach páiste.

**Scéalaíocht -** Inis do na páistí an leagan bunaidh den Fhabalscéal seo:



An Giorria & an Turtar
*Bhí Giorria ag magadh faoin Turtar lá amháin as a bheith chomh mall sin.*
*"Is moilleadóir ceart thú. An éiríonn leat áir ar bith a shroicheadh riamh?" a d'fhiafraigh sé le gáire magúil.*
*"Éiríonn," a d'fhreagair an Turtar, "agus sroicheann mé an áit sin níos tapúla ná mar a cheapann tú. Lig dúinn rás a bheith againn agus é a chruthú."*
*Cheap an Giorria go raibh sé an-ghreannmhar rás a rith leis an Turtar, ach ar mhaithe leis an spraoi d'aontaigh sé. Mar sin, mharcáil an Sionnach, a thoiligh gníomhú mar bhreitheamh, an fad agus chuir sé tús leis an rás. Go gairid ina dhiaidh sin, bhí an Giorria as radharc, agus bhí sé chomh muiníneach sin go mbuafaidh sé an rás gur shocraigh sé sos a ghlacadh. Luigh sé síos faoi chrann chun codladh go dtí go mbeadh an Turtar ag teacht suas leis.*

*Idir an dá linn, lean an Turtar ar aghaidh go mall ach go seasta, agus, tar éis tamaill, chuaigh sé thar an áit a raibh an Giorria ina chodladh. Ach lean an Giorria ar aghaidh ag codladh go síochánta; agus nuair a dhúisigh sé faoi dheireadh; bhí an Turtar gar don líne chríochnaithe. Rith an Giorria chomh tapa agus a d'fhéadfadh sé, ach níorbh fhéidir leis an Turtar a shárú in am agus bhuaigh an Turtar an rás. Maith thú, a Thurtar – Go Mall agus go Seasta, bhuaigh tú an rás!*

**Cad é moráltacht an scéil? Cad a cheapann na páistí a insíonn an scéal dúinn?**
Is é an moráltacht ná gur bhuaigh an Turtar an rás mar gheall ar a bheith socair agus gur choinnigh sé ag dul ar aghaidh. Bhí sé seasmhach agus níor stop sé ná níor thug sé suas nuair a bhí rudaí deacair. D'fhéach an Turtar thart timpeall air freisin, ag breathnú ar rudaí agus á dtabhairt faoi deara, buíoch as an domhain timpeall air.

### Bealaí éagsúla gluaiseachta – Tapa agus Mall
Sa scéal seo, bogann an 2 ainmhí, an Giorria agus an Turtar, ar bhealaí éagsúla agus ar luasanna éagsúla. Tá an Giorria tapa agus gasta agus tá an Turtar mall agus socair. Iarr ar na páistí smaoineamh go bhfuil sé maith a bheith gasta uaireanta agus uaireanta eile is fearr a bheith mall agus aire a thabhairt.

Iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra agus na cásanna seo a leanas a shamhlú agus smaoineamh an mbeadh sé ina smaoineamh maith bogadh go tapa nó go mall:

- Tá tú ag siúl feadh an bhóthair agus cloiseann tú torann ard agus féachann tú timpeall agus tá T-Rex ollmhór, fíochmhar ag teacht aníos taobh thiar díot – ar cheart duit bogadh go tapa nó go mall?
- Tá císte Breithlá cúig shraith á iompar agat ar chaith tú an t-uafás ama air do do chara – an é seo an t-am chun bogadh go tapa nó go mall?
- Tá tú ag siúl tríd an gcoill agus cloiseann tú torann ard - tá crann ag titim taobh thiar díot – an bhfuil tú chun bogadh go tapa nó go mall?!
- Tá tú ag siúl ar dhroichead caol thar ghleann domhain le habhainn ag sileadh go tapa ag an mbun – an é seo an t-am chun bogadh go tapa nó go mall agus go seasta?

An féidir leis na páistí smaoineamh ar amanna eile sa bhfíorshaol nuair is tábhachtach a bheith mall agus seasta agus leanúint ar aghaidh? Cad a d'fhéadfadh dul amú má dhéanaimid gach rud go róthapa? Agus ag amanna eile cathain is dea-smaoineamh é a bheith gasta agus tapa?

### Breathnóireacht: Ag féachaint agus gan a bheith ag féachaint timpeall
Iarr ar na páistí siúl go tapa timpeall an tseomra cosúil leis an nGiorria, ag déanamh cinnte nach mbuaileann siad isteach i nduine ar bith eile ach gan breathnú timpeall ná rudaí a thabhairt faoi deara timpeall orthu. Iarr ar na páistí suí síos agus a súile a chlúdach – cuir roinnt ceisteanna breathnóireachta orthu faoi na rudaí sa seomra – m.sh. Cad atá in aice leis an doirteal? Cad atá ar dheasc an mhúinteora? srl. Cé mhéad atá tugtha faoi deara acu? Ansin iarr orthu siúl timpeall an tseomra go mall, breathnú timpeall orthu féin agus breathnú ar shonraí agus ar an seomra timpeall orthu. Cuir ceisteanna breathnóireachta comhchosúla orthu agus féach an bhfuil níos mó tugtha faoi deara acu agus glactha isteach acu.

### Mothúcháin éagsúla an Toirtís
Cad iad na mothúcháin a bhí ag an Toirtís sa scéal? Cén chaoi a raibh sé ag mothú ag tús an scéil? I lár an rása? Ag deireadh an rása? Bailigh na focail a mholann na páistí.

### Gníomhaíocht Drámaíochta – Múinteoir i Ról
Inis do na páistí go bhfuil tú chun ligean ort gur tusa an Toirtís sa scéal. Taispeáin scairf nó prapa dóibh a chaithfidh tú ort féin chun a léiriú nuair a bheidh tú ag ligean ort gur an Toirtís thú.
Inis don rang go bhfuil an Toirtís brónach mar go bhfuil an Giorria ag gáire agus ag magadh faoi mar go bhfuil sé mall. Tá sé trína chéile agus ba mhaith leis cabhair ó na páistí – an féidir leis na páistí smaoineamh ar rudaí le rá chun cabhrú leis an Toirtís agus cabhrú leis mothú níos fearr?
D'fhéadfá tosú leis an méid seo a rá: "níl sé cothrom, tá an Giorria chomh drochbhéasach liom, bíonn sé i gcónaí ag gáire fúm – ag rá go bhfuilim chomh mall sin, gur moilleadóir mé. Ar a laghad níonn deifir orm i gcónaí, i gcónaí ag rith thart mar atá sé féin. Feicim rudaí timpeall orm agus stopaim chun labhairt le daoine ach bíonn sé ag magadh fúm fós agus tá sé ag cur brón orm. An féidir leat cabhrú liom?"

Bailigh na smaointe agus na moltaí a roinneann na páistí chun cabhrú leis an dTurtar. Mar rang, an féidir leo teacht suas le roinnt manaí agus seanfhocail a chabhródh leis an dTurtar leanúint ar aghaidh nuair a bhíonn sé tuirseach. An mbeadh sé cabhrach iad a bheith suas ar an mballa sa seomra ranga? Mar shampla: Ná tabhair suas, a Thurtar! Coinnigh ort! Nuair a bhíonn an obair deacair, coinnigh ort! Ná bíodh eagla ort, tá an deireadh ag teacht!

# An Leon agus an Luch

**Cuimhnigh ar a tharla in The Race:**
- Cad ar a chuimhníonn na páistí faoin Leon agus faoin Luch ó The Race?
- Cad a tharla don Leon nuair a tháinig na sealgairí isteach sa choill?
- Cad a rinne an Luch chun cabhrú leis an Leon?

**Gluaiseacht – Mór agus Beag, Bródúil agus Neirbhíseach**

Tá an Leon mór agus bródúil. Nuair a shiúlann sé timpeall ba mhaith leis a thaispeáint do gach duine go bhfuil sé an-tábhachtach agus cumhachtach. Iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra cosúil leis an Leon bródúil. Agus iad ag bogadh cosúil leis an Leon, spreag iad chun céimeanna móra a ghlacadh agus smaoineamh ar fhocail cosúil le go Dána, go Láidir, go Bródúil, go Cumhachtach, agus an oiread spáis agus is féidir a thógáil, a bheith chomh mór agus chomh hard agus is féidir leo.

Cad faoin Luch? Tá an Luch beag agus neirbhíseach. Tógann sí an spás is lú is féidir. Iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra cosúil leis an luch? Agus iad ag bogadh cosúil leis an Luch, spreag iad chun céimeanna an-bheaga, gasta a ghlacadh agus smaoineamh ar fhocail cosúil le sciurd, scinn, scanraithe, cúthail, agus bogadh amhail is dá mba rud é go raibh siad an-bheag agus bídeach.
Nuair a thugann tú comhartha dóibh, iarr ar na páistí aistriú ó bheith mór agus bródúil go bheith beag agus neirbhíseach.
Iarr orthu smaoineamh ar leibhéil éagsúla a úsáid nuair a bhogann siad: suas go hard agus síos go híseal - agus athrú a dhéanamh ar an méid spáis a thógann siad sa seomra.
I mbeirteanna, iarr ar pháiste amháin bogadh mar Leon agus an ceann eile mar Luch agus iarr orthu bogadh timpeall an tseomra le chéile, ag léiriú na mbealaí an-difriúla ina mbogann an dá ainmhí.

**Scéalaíocht -** Inis do na páistí an leagan bunaidh den Fhabalscéal seo:

*An Leon agus an Luch*
*Bhí Leon ina chodladh sa choill, a cheann mór ina luí ar a lapaí. Tháinig Luch bheag chúthail air gan choinne, agus de bharr go raibh eagla agus deifir uirthi chun éalú, rith sí trasna lapa an Leoin. Dúisithe as a chodladh, leag an Leon a lapa ollmhór go feargach ar an gcréatúr beag bídeach chun í a mharú.*
*"Déan mé a spáráil!" d'impigh an Luch bocht. "Lig dom imeacht, le do thoil, agus lá éigin íocfaidh mé an comhar leat." Cheap an Leon go raibh sé greannmhar go bhféadfadh Luch bheag cabhrú leis riamh. Ach bhí sé flaithiúil agus lig sé don Luch imeacht sa deireadh.*
*Laethanta ina dhiaidh sin, agus é ag siúl tríd an gcoill, gabhadh an Leon i líon mór ag sealgaire. Gan a bheith in ann é féin a shaoradh, líon sé an choill lena bhéic feargacha. D'aithin an Luch an guth agus fuair sí an Leon agus é ag streachailt chun éalú ón líon go tapa. Ag rith suas chuige, chogain agus chnaígh sí an líon go dtí gur éirigh leis an Leon éalú agus bheith saor.*
*"Rinne tú gáire nuair a dúirt mé go n-íocfainn an comhar leat," a dúirt an Luch. "Anois feiceann tú gur féidir le Luch beag cabhrú le Leon mór, go fiú."*

Cad é moráltacht an scéil? Cad a cheapann na páistí a insíonn an scéal dúinn?
"Ní théann dea-ghníomh amú choíche. Bíonn bealach ag an gcineáltas a léiríonn tú féin teacht ar ais chugat ar bhealaí gan choinne".

Rinne an Leon gáire faoin luch agus dhiúltaigh sé dá chabhair mar cheap an leon nach bhféadfadh aon rud chomh beag agus chomh neamhthábhachtach le luch cabhrú leis riamh. D'fhoghlaim an leon gur féidir leis an gcréatúr is lú, cosúil leis an luch, a bheith ina chabhair mhór. Múineann an fabhalscéal seo dúinn gur féidir le gach duine, is cuma cén méid nó neart atá acu, difríocht a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, léiríonn an leon cineáltas don luch trí gan é a mharú as cur isteach ar a chodladh. Tagann a ghníomh cineálta ar ais chuige i bhfoirm chabhair na luiche.

**Gníomhaíocht Drámaíochta – Seiftiú i mBeirteanna**

**Radharc 1: Bealaí eile ar féidir leis an luch cabhrú leis an leon**
Chonaiceamar an Luch ag úsáid a chuid fiacla chun greim a fháil ar an líontán agus an Leon a shaoradh. Cad eile a d'fhéadfadh an Luch bheag a dhéanamh chun cabhrú leis an Leon?
Iarr ar na páistí dul i mbeirteanna – ligfidh duine acu orthu féin gurb iadsan an Leon agus ligfidh an duine eile orthu gurb iadsan an Luch. Iarr orthu smaoineamh ar bhealaí eile a d'fhéadfadh an Luch cabhrú leis an Leon. Nuair a bhíonn smaoineamh acu, iarr orthu ligean orthu féin gurb iad an Luch agus an Leon iad agus an nóiméad sin a thabhairt chun beatha, ag thaispeáint cad a dhéanann an Luch chun cabhrú. Tá na radhairc bheaga seo go léir ag tarlú ag an am céanna timpeall an tseomra agus níl siad 'léirithe' cé gur féidir leis na páistí a gcuid smaointe agus moltaí a roinnt agus a mhalartú.

Roinnt smaointe spreagúla: d'fhéadfadh an Luch dealg mhór a tharraingt ó chos an Leoin, tochas a scríobadh ar dhroim an Leoin, bataí a bhaint as a mhoing, a eireaball a shaoradh ó thor dealgach nó fiacla an Leoin a ghlanadh – go han-chúramach agus nuair a bhíonn muinín aici sa Leon!

Iarr ar na páistí róil a mhalartú agus féach an féidir leo teacht suas leis an dara moladh maidir le conas is féidir leis an Luch cabhrú leis an Leon. Nó d'fhéadfaidís smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh an Leon cabhrú leis an Luch.

**Naíonáin Shóisearacha / Shinsearacha:** D'fhéadfadh an ghníomhaíocht bheirte seo a bheith ina dúshlán do Naíonáin Shóisearacha nó Shinsearacha mar sin bain úsáid as an Múinteoir i Ról ina ionad agus abair leis na páistí go bhfuil tú chun ligean ort gur Leon tú sa scéal agus gur féidir leis na páistí a bheith ina Luch agus moltaí a thabhairt ina n-aonar maidir le conas a d'fhéadfaidís cabhrú leat agus tú i do Leon.

**Radharc 2: Aithnítear cara i gcruatan - Iompaíonn an Leon agus an Luch isteach ina gcairde**
Iarr ar na páistí a shamhlú go n-iompaíonn an Leon agus an Luch isteach ina gcairde ina dhiaidh sin agus go gcabhraíonn siad lena chéile an t-am ar fad. Iarr ar na páistí ina mbeirteanna radharc a chumadh a thaispeánann conas a d'fhéadfaidís beirt cabhrú lena chéile an lá ar fad. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil an Leon an-mhór agus an Luch an-bheag.

**Gníomhaíocht líníochta nó scríbhneoireachta:**
Mol do na páistí pictiúr a tharraingt nó gearrscéal a scríobh a thaispeánann conas a iompaíonn an Leon agus an Luch isteach ina gcairde agus conas a chabhraíonn siad lena chéile.

# Na Seangáin agus an Dreoilín Teaspaigh

- Fiafraigh de na páistí cad is cuimhin leo faoin Dreoilín Teaspaigh agus na Seangáin in The Race?
- Cad a bhí ón nDreoilín Teaspaigh? Cad a bhí á lorg aige i gcónaí?
- Ar chabhraigh na Seangáin leis?

Sa scéal bunaidh, déantar cur síos ar an Dreoilín Teaspaigh mar dhuine suaimhneach agus gan bhuairt sa samhradh. Is breá leis ceol a dhéanamh agus a scíth a ligean sa ghrian chomh mór sin nach ndéanann sé aon iarracht bia a bhailiú ná a stóráil don gheimhreadh. Bíonn na Seangáin, áfach, gnóthach i rith na bliana ag bailiú bia agus ag ullmhú don gheimhreadh.

**Gluaiseacht – Aimsir agus Amanna Éagsúla na Bliana**

Is breá leis an dreoilín teaspaigh a scíth a ligean i ngrian te an tsamhraidh. Iarr ar na páistí siúl timpeall an tseomra amhail is dá mba lá álainn te gréine é. Spreag iad chun teas na gréine ar a n-aghaidheanna a shamhlú agus siúl ar bhealach suaimhneach, gan bhuairt. Agus iad ina suí ar an urlár, iarr ar na páistí smaoineamh ar an gcaoi a n-athraíonn na cineálacha éagsúla aimsire an chaoi a mbogaimid agus a dtéimid timpeall.
Iarr ar na páistí siúl timpeall arís ach an uair seo tá sé i bhfad ró-the! Tá siad i bhfásach, timpeallaithe ag na mílte gainimh agus níl aon fhoscadh ón ngrian ann. Cén tionchar a bhíonn aige sin ar an gcaoi a mbogann siad timpeall an tseomra?
Iarr orthu anois a shamhlú go bhfuil siad ag an Mol Thuaidh i stoirm sneachta. Tá an sneachta ag séideadh ina n-aghaidheanna ionas nach féidir leo aon rud a fheiceáil agus tá an ghaoth chomh láidir sin nach féidir leo bogadh in aon chor - cén tionchar a bhíonn aige sin ar an gcaoi a mbogann siad?
Iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra arís ach, nuair a thugann tú comhartha dóibh, athraíonn siad an aimsir atá siad ag samhlú timpeall orthu féin. Spreag iad ionas go mbeidh áibhéil i gceist lena ngluaiseachtaí, a gcoirp go léir a úsáid agus smaoineamh ar an gcaoi a n-aistríonn siad ó chineál amháin aimsire go cineál eile.

**Gníomhaíocht Shínte:** in ionad a shamhlú go bhfuil an aimsir ag tarlú timpeall orthu, d'fhéadfadh na páistí bogadh cosúil leis an aimsir féin ionas go bhféadfaidís bogadh timpeall an tseomra mar a bheadh an ghaoth ag luascadh, ag séideadh, ag sníomh agus ag casadh, nó an sneachta - ag titim go héadrom agus go réidh ar dtús, ansin ag tógáil luas agus neart, mar a bheadh an bháisteach ag stealladh agus ag slaparnach i locháin, mar a bheadh an ghrian - ag dul trí dhuilleoga na gcrann nó láidir agus brúidiúil mar atá san fhásach. Arís, spreag iad chun leibhéil, cosáin, dinimic agus aistrithe a iniúchadh.



**Scéalaíocht - Inis do na páistí an leagan bunaidh den Fhabalscéal seo:**

*<u>Na Seangáin agus an Dreoilín Teaspaigh</u>*
*Lá geal amháin i ndeireadh an fhómhair bhí teaghlach Seangán ag preabadh thart faoin ngrian te, ag triomú an ghráin a bhí stóráilte acu i rith an tsamhraidh, nuair a tháinig Dreoilín Teaspaigh ocrach, a fhidil faoina ascaill, aníos agus d'impigh sé go humhal orthu greim a thabhairt dó le hithe.*

"Cad é!" a scread na Seangáin iontas, "nach bhfuil aon rud stóráilte agat don gheimhreadh? Cad a bhí á dhéanamh agat an samhradh seo caite?"
"Ní raibh am agam aon bhia a stóráil," a ghearáin an Dreoilín Teaspaigh; "Bhí mé chomh gnóthach ag déanamh ceoil agus ag baint taitneamh as an ngrian gur imigh an samhradh sula raibh a fhios agam."
Chroith na Seangáin a ngualainn agus déistin orthu.
"Ag déanamh ceoil, ab ea?" a scread siad. "An-mhaith; bhuel bí ag damhsa anois!" Agus chas siad a ndroim ar an Dreoilín Teaspaigh agus lean siad ar aghaidh lena gcuid oibre.

**Cad é moráltacht an scéil? Cad a cheapann na páistí a insíonn an scéal?**
Insíonn an scéal seo dúinn go bhfuil am ann don obair agus am don súgradh agus gur cheart do dhaoine cothromaíocht a bhaint amach idir obair agus súgradh, más mian leo a bheith ullamh don todhchaí. Moráltacht eile atá sa scéal ná obair foirne agus cad is féidir leat a bhaint amach má oibríonn tú le chéile.

**Gluaiseacht - Mothúcháin a chur in iúl**

- Iarr ar na páistí smaoineamh ar an gcaoi ar mhothaigh an Dreoilín teaspaigh ag amanna éagsúla sa scéal. Sa samhradh bhí sé sásta, suaimhneach agus lán de lúcháir ach nuair a tháinig an geimhreadh mhothaigh sé imníoch agus buartha mar nach raibh aon bhia stóráilte aige.
- Iarr ar na páistí bogadh timpeall an tseomra ag smaoineamh ar an gcaoi ar mhothaigh an Dreoilín Teaspaigh. Conas a bhogaimid má bhímid sásta agus suaimhneach? Conas a léirímid na mothúcháin seo lenár gcoirp? Conas a athraíonn sé seo nuair a bhíonn imní nó imní orainn? Conas a athraíonn na mothúcháin seo an chaoi a mbogann muid?
- Cuir mothúcháin agus braistintí eile san áireamh agus iarr ar na páistí smaoineamh ar an gcaoi a n-athraíonn na mothúcháin éagsúla seo an chaoi a mbogann muid; sceitimíneach, brónach, neirbhíseach, bródúil, leadrán ort, feargach, scanraithe, an-sásta. Spreag iad chun gach cuid dá gcoirp a úsáid, chun na smaointe a rinneamar iniúchadh orthu roimhe seo faoi leibhéil agus cosáin éagsúla agus luasanna gluaiseachta éagsúla a úsáid a thabhairt isteach.
- Agus iad ina suí ar an urlár, an féidir leis na páistí na mothúcháin seo a chur in iúl ag baint úsáid as cuid amháin dá gcoirp - amhail a gcosa, a méara, a n-uillinn nó a nguaillí. Spreag iad chun iniúchadh a dhéanamh agus turgnamh a dhéanamh.

**Gníomhaíocht Drámaíochta – Múinteoir i Ról agus Rólghlacadh don Ghrúpa Iomlán – Ar cheart dúinn cabhrú leis an Dreoilín?**
Iarr ar na páistí a shamhlú gur grúpa seangán iad, ag máirseáil thart, ag bailiú agus ag stóráil bia. Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn an bia níos mó ná an Seangán uaireanta, mar shampla duilleog mhór - mar sin d'fhéadfadh siad a bheith ag streachailt uaireanta. Iarr ar na páistí bogadh ar ais agus ar aghaidh trasna an tseomra i línte díreacha, ag iompar bia samhailteach chuig limistéar stórála lárnach. D'fhéadfadh siad oibriú i mbeirteanna chun píosa bia an-mhór (samhailteach) a iompar. Tar éis tamaill, iarr ar na Seangáin suí síos agus sos gairid a ghlacadh. Tosaigh ag labhairt leis na Seangáin eile – á dhéanamh soiléir go bhfuil tú ag ligean ort gur Seangán thú freisin. D'fhéadfá tosú agus an méid seo a rá "Ó, a Dhia, mothaím beagán dona faoin Dreoilín Teaspaigh. Tá a fhios agam go bhfuil an locht air féin nár bhailigh sé aon bhia sa samhradh ach fós mothaím go dona go bhfuil ocras air. An gceapann tú gur cheart dúinn roinnt bia a thabhairt dó? Tá neart againn agus is minic a bhíonn soláthairtí breise fágtha againn san Earrach. Cad a cheapann tú?"

Freagair agus tabhair freagra ar bharúlacha na bpáistí. An féidir leo teacht ar chomhaontú? B'fhéidir go bhféadfadh an Dreoilín Teaspaigh cabhrú leis na Seangáin ar bhealach éigin dá dtabharfadh siad bia dó. Nuair a bheidh roinnt smaointe ag na páistí maidir le conas a d'fhéadfaidís cabhrú leis an Dreoilín Teaspaigh, mol gur féidir leat féin imeacht ó bheith i do Sheangán agus bheith i do Dreoilín Teaspaigh ina ionad - agus freagairt do mholtaí na Seangán.

Gníomhaíocht Líníochta - Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt a léiríonn cad a d'fhéadfadh an Dreoilín Teaspaigh a dhéanamh chun cabhrú leis na Seangáin dá n-aontódh siad a gcuid bia a roinnt leis. D'fhéadfadh an líníocht a léiriú freisin conas a thaitníonn sé leo bheith ag damhsa le ceol an Dreoilín Teaspaigh nuair a bhíonn an obair go léir críochnaithe acu ag deireadh an lae.





























